

FÓGRA FOLÚNTAIS CHUN LIOSTA IONADAITHE A BHUNÚ

Teideal poist	Cúntóir Airgeadais agus Conarthaí
Feidhmghrúpa/grád	AST 3
Cineál conartha	Gníomhaire Sealadach - Riarthóir
Tagairt	FRA-TA-PROCAST-AST3-2023
Spríodhata le haghaidh iarratas	15/03/2023 13:00 (CET)
Áit fostaíochta	Vín, AN OSTAIR

Tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) chun liosta ionadaithe a bhunú óna líonfar folúntas mar Oifigeach Airgeadais agus Conarthaí (F/B) (feidhmghrúpa AST, grád 3) san Aonad Seirbhísí Corparáideacha.

1 CÚLRA

Cuireann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) comhairle neamhspleách fhianaisebhunaithe ar fáil do lucht ceaptha beartas, lena áirithiú go ndéanfar cearta bunúsacha a lánurramú ar fud an Aontais, do chách. Chuige sin, bailíonn an Gníomhaireacht faisnéis agus sonraí ar réimse saincheisteanna a bhaineann le cearta bunúsacha agus déanann sí anailís orthu, cuireann sí cúnaimh agus saineolas ar fáil d'institiúidí an Aontais agus do rialtais Bhallstáit an Aontais, ardaíonn sí feasacht ar chearta, cuireann sí a torthaí in iúl agus neartaíonn sí an comhar agus na naisc idir gníomhaithe um chearta bunúsacha.

An tAonad Seirbhísí Corparáideacha

Tá an tAonad Seirbhísí Corparáideacha freagrach as tacú le hobair oibríochtúil na Gníomhaireachta, agus é ag cur leis an gcumas atá aici feidhmiú mar chomhlacht poiblí a chomhlíonann an deachleachtas agus atá eolasbhunaithe, barainneach agus dírithe ar sheirbhís den chéad scoth a sholáthar. Tá sé comhdhéanta de na réimsí gnó seo a leanas: Pleanáil, monatóireacht agus meastóireacht, Airgeadas agus Conraitheoireacht, Seirbhísí agus Saoráidí Digiteacha, Seirbhísí Díl, Acmhainní Daonna agus Bainistíocht Cáilíochta.

2 DUALGAIS

Beifear ag súil le go gcuirfidh an t-iarthóir a n-éireoidh leis nó léi na cúraimí seo a leanas i gcrích:

- Cuidiú le hullmhú agus foilsiú na ndoiciméad soláthair le haghaidh glaonna ar thairiscintí, nósanna imeachta idirbheartaithe do chonarthaí ar luach meánach agus íseal;
- Tacú le himeachtaí coistí oscailte agus coistí meastóireachta, tuarascálacha meastóireachta a dhréachtú, iarrataí ar shoiléiriú a chur chuig tairgeoirí, cinntí a bhronnadh, litreacha a chur chuig tairgeoirí ar éirigh leo agus chuig tairgeoirí nár éirigh leo;
- Síniú tráthúil conarthaí agus leasuithe a ullmhú agus a áirithiú, lena n-áirítear conarthaí sonracha faoi chreatchonarthaí in ord tosaíochta chomh maith le hathoscailt nóis imeachta comórtais;

- Gníomhú mar phointe teagmhála do chomhghleacaithe oibríochtúla i gcúrsaí soláthair agus do thairgeoirí;
- Tacú leis an gCoiste Stiúrtha inmheánach maidir le nósanna imeachta soláthair;
- Rannchuidiú le pleanáil agus tuairisciú soláthair;
- Gníomhú mar Ghníomhaire Tionscanta Airgeadais (FIA) le haghaidh gealltanais agus tionscnamh tríú páirtí i gcomhréir leis na rialacha airgeadais is infheidhme;
- Rannchuidiú le teimpléid, nósanna imeachta agus beartas soláthair a dhréachtú chun comhlíonadh an chreata rialála is infheidhme a áirithiú agus feidhmíocht na hanailíse margaidh a chomhordú nuair is gá;
- Na doiciméid tacaíochta is gá a sholáthar arna n-iarraidh sin do na heintitis iniúchóireachta;
- Cóipeanna crua agus leictreonacha (más infheidhme) de gach doiciméad a bhaineann leis na nósanna imeachta soláthair a chomhdú;
- Comhairle agus cúnamh a chur ar fáil d'fhoireann na Gníomhaireachta maidir le saincheistean soláthair.

Na dualgais is infheidhme maidir le gach ball foirne:

- Oibriú go gníomhach chun spriocanna FRA a chomhlíonadh de réir an Phlean Straitéisigh;
- Aon dualgais eile a bhaineann leis an obair a shannfaidh an bainisteoir iad a chomhlíonadh.

3 CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Iarrthóirí nach gcomhlíonann ceann amháin nó níos mó de na critéir incháilitheachta seo a leanas faoin sprioc-am le hiarratais a chur isteach, marcálfar iad mar neamh-incháilithe agus ní bhreithneofar a n-iarrratas a thuilleadh:

Coinníollacha ginearálta¹

- A bheith ina náisiúnach de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus cearta iomlána a bheith aige nó aici mar shaoránach²;
- Aon oibleagáidí faoi na dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu;
- Na riachtanais charachtair a shásamh maidir lena oiriúnaí atá siad do na dualgais lena mbaineann a chomhlíonadh;
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh³.

Cáilíochtaí agus taithí oibre⁴

- leibhéal oideachais iar-mheánscoile arna fhianú le dioplóma, agus taithí ghairmiúil trí bliana ar a laghad a fuarthas ina dhiaidh sin i bpoist a bhaineann le próifíl an phoist, nó

¹ Féach Airteagal 12 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

² Sula gceapfar iad, beidh ar iarrthóirí rathúla a chruthú nach bhfuil aon taifead coiriúil acu.

³ Sula gceapfar iad, ceanglófar ar iarrthóirí rathúla scrúdú leighis a dhéanamh.

⁴ Ní chuirfear san áireamh ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit de AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin. Ba cheart aon teastas comhionannais a sholáthar faoin spriocdháta le haghaidh iarratas.

- leibhéal oideachais meánscoile arna fhianú le dioplóma lena dtugtar rochtain ar oideachas iarmheánscoile, agus taithí ghairmiúil sé bliana ar a laghad a fuarthas ina dhiaidh sin i bpoist a bhaineann le próifíl an phoist, nó

Scileanna teanga

- Eolas críochnúil (leibhéal C1) ar Bhéarla, de bhrí gurb é Béarla teanga oibre FRA, agus
- Eolas sásúil (leibhéal B2 ar a laghad) ar theanga eile de chuid an Aontais Eorpaigh.

Is do Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha a chomhfhreagraíonn na leibhéil a luaitear⁵.

Scileanna ríomhaireachta

- Ba cheart go mbeadh taithí fhairsing phraiticiúil ag iarrthóirí ar fheidhmchláir ríomhaire amhail pacáiste MS Office nó a leithéid (Word, Excel, PowerPoint, Outlook go príomha).

4 CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Chun na hiarrthóirí is cáilithe a roghnú le haghaidh chéim an agallaimh agus le haghaidh chéim fhéideartha na trialach, breithneoidh an Gníomhaireacht na critéir **bhunriachtanacha** seo a leanas:

- Taithí ghairmiúil trí bliana ar a laghad a fuarthas i bpoist a bhaineann le próifíl an phoist mar a bhfuil cur síos déanta air sa mhír “Dualgais”;
- Taithí ar chur i bhfeidhm rialacha airgeadais agus, go háirithe, rialacha soláthair phoiblí agus creataí dlíthiúla;
- Taithí chruthaithe ar nósanna imeachta soláthair phoiblí a phleanáil, a eagrú agus a bhainistiú agus/nó ar fhaireachán airgeadais a dhéanamh ar chonarthaí;
- Taithí ar theimpléid doiciméad maidir le soláthar poiblí (agus/nó deontais) a ullmhú nó a nuashonrú;
- Taithí ar idirbhearta buiséadacha agus airgeadais a ullmhú (iad a thionscnamh);
- Taithí ar thuarascálacha airgeadais agus buiséadacha a sholáthar;
- Taithí ar iarratais ar thairiscintí a ullmhú agus a bhainistiú.

Measfar comhlíonadh na gcritéar seo a leanas a bheith **buntáisteach**:

- Taithí le ABAC;
- Taithí ar na modúil ríomhsholáthair (PPMT, ríomhthairiscint, ríomhaighneachtaí, nó a leithéidí);
- Eolas ar Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh;
- Eolas ar an bhFraincis (B1) ar a laghad.

I dteannta na gcritéar **bunriachtanach agus buntáisteach**, déanfar iarrthóirí dá dtabharfar cuireadh chuig céim an agallaimh agus na trialach a mheas in aghaidh na riachtanas seo a leanas freisin:

- **Cumarsáid:** cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go beacht ó bhéal agus i scríbhinn araon;

⁵ Féach <https://europass.cedefop.europa.eu/sites/default/files/cefr-en.pdf>

- **Anailís agus Réiteach Fadhbanna:** an cumas chun sainaitheint a dhéanamh ar na fíricí criticiúla i saincheistanna casta agus chun réitigh chruthaitheacha, phraiticiúla a fhorbairt ina leith;
- **Obair le Daoine Eile:** a bheith ag obair i gcomhar le daoine eile i bhfoirne agus in eagraíochtaí eile agus meas a léiriú ar na difríochtaí atá ann idir daoine; meon dearfach foirne a chothú trí spriocanna comhroinnte agus malartú eolais agus taithí a spreagadh;
- **Foghlaim agus Forbairt:** scileanna pearsanta agus eolas ar an eagraíocht agus ar thimpeallacht na heagraíochta a fhorbairt agus a fheabhsú; gabháil orthu féin oiliúint a chur ar dhaoine eile, eolas a chomhroinnt agus modhanna oibre a fheabhsú go córasach;
- **Beartú Tosaíochta agus Eagrúchán:** an cumas chun tosaíocht a thabhairt do na cúraimí is tábhachtaí, a bheith ag obair ar bhealach solúbtha agus a n-ualach oibre féin agus ualach oibre daoine eile a eagrú go héifeachtúil;
- **Cáilíocht agus Torthaí:** freagracht phearsanta a ghlacadh as obair a chur i gcrích de réir caighdeán ard, as a stuaim féin agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos; díriú go soiléir ar an gcustaiméir (custaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon); modhanna córasacha, críochnúla a chur le tionscadail agus le hobair dá gcuid féin agus de chuid a bhfoirne féin;
- **Teacht Aniar:** obair éifeachtach a dhéanamh agus iad faoi bhrú oibre, a bheith solúbtha agus oiriúnú do thimpeallacht oibre a bhíonn ag athrú; spreagadh a thabhairt do dhaoine eile an méid sin a dhéanamh agus a gcur chuige féin agus cur chuige a bhfoirne a choigeartú chun déileáil le himthosca a bhíonn ag athrú.

5 IARRATAIS A CHUR ISTEACH AGUS AN SPRIODHÁTA

Iarrtar ar iarrthóirí a n-iarratas a chur isteach go leictreonach ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta: fra.europa.eu. **Ní ghlacfar ach le hiarratais chomhlánaithe ar líne tríd an gcóras earcaíochta leictreonach.**

Ní mór iarratais a sheoladh ar aghaidh tráth nach déanaí ná **15/03/2023 13:00** (Am Lár na hEorpa (CET)).

Tá eolas faoi stádas an nós imeachta roghnúcháin le fáil ag an seoladh seo a leanas: <http://fra.europa.eu/en/about-fra/recruitment/vacancies>.

Má bhíonn fadhbanna teicniúla agat le linn duit d'iarratas a dhéanamh, téigh i dteagmháil, laistigh den spriodhata thuasluaite, leis an seoladh ríomhphoist thíos ag míniú na bhfadhbanna atá agat: recruitment@fra.europa.eu.

De bharr líon mór na n-iarratas a fhaighimid, d'fhéadfadh go mbeadh fadhbanna ag an gcóras líon chomh mór sin sonraí a phróiseáil nuair a bheifear ag teannadh leis an spriodhata chun iarratais a chur isteach. Dá bhrí sin, molaimid duit iarratas a dhéanamh tamall maith roimh an spriodhata.

6 COMHDHEISEANNA

Is fostóir comhdheiseanna é FRA agus áirithíonn sé nach ndéantar idirdhealú ina nósanna imeachta earcaíochta ar aon fhorais amhail inscne, cine, dath craicinn, bunadh eitneach ná sóisialta, airíonna géiniteacha, reiligiún ná creideamh, tuairimí polaitiúla ná aon tuairimí eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, féiniúlacht inscne ná gnéaschlaonadh.

Spreagann FRA iarrthóirí faoi mhíchumas iarratas a dhéanamh ar an bpost. Má mheasann tú go bhfuil míchumas fisiciúil, meabhrach, intleachtúil nó céadfach ort, cuir in iúl, le do thoil, aon choigeartuithe nó socruithe is gá, a bhaineann le do mhíchumas, chuig recruitment@fra.europa.eu, ionas gur féidir le FRA a chinntiú go mbeidh tú rannpháirteach go hiomlán agus go cothrom san agallamh.

7 NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

Déanfaidh Údarás Ceapacháin na Gníomhaireachta Coiste Roghnúcháin a ainmniú.

Déanfar incháilitheacht iarrthóirí a mheas de réir na gceanglas foirmiúil ar fad faoin dáta deiridh chun iarratais a chur isteach (féach 3. Critéir incháilitheachta).

Ní dhéanfar ach iarratais ó iarrthóirí incháilithe a mheas de réir na gcritéar roghnúcháin a shonraítear san fhógra foilsithe (féach pointe 4). **Tabharfaidh an Gníomhaireacht cuireadh chun agallaimh do na hiarrthóirí is fearr i measc na n-iarrthóirí a ghnóthóidh scór 60 % ar a laghad.**

Is éard a bheidh sa nós imeachta roghnúcháin agallamh agus triail scríofa, a reáchtálfar i mBéarla. Is i Vín (an Ostair), an áit fostaíochta ina bhfuil suíomh na Gníomhaireachta, a reáchtálfar an tástáil agus agallamh, nó reáchtálfar ar líne iad. Gheobhaidh na hiarrthóirí a bhainfidh áit amach ar an ngearrliosta tuilleadh faisnéise mionsonraithe in am trátha.

Iarrfar ar na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh cóip neamhdheimhnithe dá ndiplóma/dá ndiplómaí agus fianaise ar a gcuid taithe gairmiúla a chur isteach, ina mbeidh léargas soiléir ar thréimhse ama agus ar chineál a dtaithe oibre, agus cibé an obair lánaimseartha nó obair pháirtaimseartha a bhí i gceist léi. Sula ndéanfar conradh a shíniú, iarrfar ar an iarrthóir rathúil/na hiarrthóirí rathúla cóipeanna bunaidh nó deimhnithe de na doiciméid ábhartha ar fad ar fianaise iad ar na ceanglais incháilitheachta a chur ar fáil.

Ainmneofar na hiarrthóirí a n-éireoidh leo ar liosta ionadaithe a chuirfidh an Coiste Roghnúcháin le chéile. Molfar an liosta ionadaithe sin d'Údarás Ceapacháin FRA. Déanfaidh an tÚdarás Ceapacháin cinneadh maidir le liosta ionadaithe a bhunú. Beidh an liosta ionadaithe bailí ó dháta a bhunaithe (i mbliain 'N') go dtí an 31 Nollaig i mbliain 'N+1'. Féadfar síneadh a chur le bailíocht an liosta. D'fhéadfaí an liosta ionadaithe a úsáid mar chuid de phróiseas earcaíochta a eagrófar amach anseo, má tá folúntais ann. Cuirfear in iúl do gach iarrthóir cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé/sí ainmnithe ar an liosta ionadaithe. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire nach gá gurb ionann ainm a bheith luaithe ar an liosta ionadaithe agus earcaíocht.

Bunaithe ar an liosta ionadaithe ar glacadh leis, d'fhéadfadh Údarás Ceapacháin FRA conradh rannpháirtíochta a thairiscint.

Tabhair do d'aire go bhfuil obair agus plé an Choiste Roghnúcháin faoi rún daingean agus go bhfuil cosc iomlán ar aon teagmháil le baill an Choiste Roghnúcháin.

8 RANPHÁIRTÍOCHT AGUS COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA

Déanfar conradh mar ghníomhaire sealadach a thairiscint de bhun Airteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh go ceann tréimhse éiginnte.

Is ag grád AST 3 a earcófar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi. Is é EUR 4 188,45 an buntuarastal míosúil do ghrád AST 3 (Céim 1). Mar aon leis an mbuntuarastal, **is féidir go mbeidh baill foirne i dteideal liúntais éagsúla a fháil, go háirithe liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16 % den bhuntuarastal + liúntas teaghlaigh), liúntas linbh chleithiúnaigh agus liúntas oideachais.** Tá an tuarastal faoi réir cháin an Aontais a asbhaintear ag an bhfoinse agus atá díolmhaithe ó chánachas náisiúnta.

Chomh maith leis sin, tairgeann FRA **pacáiste leasa** cuimsitheach, lena n-áirítear scéim pinsean, cumhdach árachais tionóisce agus galair ceirde, liúntas dífhostaíochta agus easláine agus árachas taistil.

Ina theannta sin, tairgeann FRA **seirbhísí scolaíochta** difriúla trí na comhaontuithe seirbhíse atá ar bun aige le scoileanna idirnáisiúnta agus réamhscoileanna. Thug sé beartais ar **theilea-oibriú agus fleisc-am** isteach freisin ar mhaithe le dea-chothromaíocht a áirithiú idir saol na hoibre agus an saol príobháideach.

In imthosca áirithe, go háirithe sa chás go bhfuil d'oibleagáid ar bhaill foirne bogadh óna n-áit chónaithe chun tabhairt faoi fhostaíocht, d'fhéadfadh go n-aisíocfadh an Ghníomhaireacht costais áirithe tabhaithe mar gheall ar an bpróiseas earcaíochta, costais aistrithe go háirithe.

Is féidir faisnéis bhreise faoin gcineál conarthaí a fháil ó shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag an seoladh seo a leanas: http://ec.europa.eu/civil_service/job/contract/index_en.htm.

Má tá tuilleadh eolais uait faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach ar Rialachán Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh atá ar fáil ag an seoladh seo a leanas:

[EUR-Lex - 01962R0031-20140501 - EN - EUR-Lex \(europa.eu\)](http://eur-lex.europa.eu/lexuris/01962R0031-20140501-EN)

9 COSAINT SONRAÍ

Déanfar sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha an phróisis roghnúcháin agus chuige sin amháin.

Tabhair do d'aire nach seolfaidh FRA iarratais ar ais chuig na hiarrthóirí. Déanfar iarrataí a fhaightear ó iarratasóirí ar fhaisnéis phearsanta atá ina sheilbh ag FRA a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin. Tá feidhm ag an méid sin go háirithe maidir le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

Má bhíonn aon cheist ag an iarrthóir maidir le próiseáil sonraí pearsanta an té sin, cuirfidh sé nó sí iad chuig an seoladh seo a leanas: recruitment@fra.europa.eu.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le próiseáil sonraí pearsanta, féach Ráiteas Príobháideachais FRA atá foilsithe ar leathanach na bhfolúntas.

10 NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

I gcás ina measann iarrthóir go ndearna cinneadh ar leith dochar dó/di, féadfaidh siad gearán a thaisceadh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, ag an seoladh seo a leanas: recruitment@fra.europa.eu

Ní mór an gearán a thaisceadh laistigh de 3 mhí ó glacadh an cinneadh atá á chospóid.

Má dhiúltaítear don ghearán, de bhun Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de bhun Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, féadfaidh iarrthóir athbhreithniú breithiúnach ar an ngníomh a iarraidh. Ní mór an t-achomharc a chur isteach laistigh de thrí mhí ó dháta an fhógra chuig an seoladh seo a leanas:

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
Rue du Fort Niedergrünwald
L-2925 Lucsamburg
Lucsamburg

Is féidir, chomh maith, gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir le reacht an Ombudsman agus leis na forálacha cur chun feidhme arna nglacadh ag an Ombudsman. Sula nglacfaidh an tOmbudsman le gearán, ní mór an gearán a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta ar dtús. Ní mór aon ghearán leis an Ombudsman (<http://www.ombudsman.europa.eu>) a dhéanamh laistigh de thréimhse dhá bhliain ó sheasamh deiridh na Gníomhaireachta ar an ábhar a fháil.